Lámh dhearg Éireann Í Eathach
[Franciscan Library, A25, 183]
{Maoilsheachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn / Eoghan (an t-Órthóir) Mac Craith}
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Lamh dhearg Éiriond Ibh Eathoch
rioghradh gu run cceirtbhrethac[h]
laochraidh na laimhe deircce
caomhthaigh dháimhe dibheirge.
2 Iph Eathach nar ob cogadh
’s na haithreacha or fhásodar
fa trom faltanas na bfear
re fond garts[h]olas Gaoidheal.
3 Do chleachtodar riamh roimhe
curoidh chloinde Rudhraighe
echto troma o mhoir gu moir
’s gan erco orra d’iarroidh.
4 Do fuilngeadh doibh día dho (an)smacht
milleadh Laighen leim Connacht
lot Mughan mor an cogadh
slogh Uladh nir iocador.
5 Do-chim gur léigiodh leo soin
deargruathar Conoill Cearnoigh
gleo soin far dhenta deinmne
’s na héchta ar Moigh Murtheimhne.
6 Baothreim Uladh don taoibh theas
a-tá ca thruma dimheas
as cath Raithin don taoibh thoir
dá maithim ar-aon d’Ulltaibh.
7 A-ta gleo na Máol Midhe
dar chomhainm cath Gháiridhe
is fala Rossa na Riogh
da ccóra a-nossa a neimbríogh.
8 Cath Bheinde hÉdoir ni fhoil
dar íarmhoracht ar Ulltoibh
troid bheo nar bhaoghloch aghadh
no gleo faobhrach fionnChoradh.
9 Cedlá Chonchabhoir le chloinn
is maicgniomhradh Chon cCuloinn
fola in da mhal muin ar muin
nár fan dola gan dioghoil.
10 Da n-íaradh an fhian Muimhneach
ní do chead a ccomhairleach
ioc a(n) gCoin riaghoilghlic Raoi
no a ngoin fhiamainmhic Fhoraoi.
11 Oilill mac Rosa an ruin ghloin
’s Lughoigh mhac Con Raoi rathmhair
ni lamhoir da leanmain so

acht seanghoimh fhaloidh iompa.
12 Fraoch mhac Fiodhoigh is Fer Diadh
do thoit leó lor do dhimhiadh
da mbeith and árach chogoidh
cland Mhághoch do mharbhado[i]r.
13 D’échtoibh Uladh na n-arm ttais
Oilill Fionn is fian Iorrois
da ccliachthoibh Meadhbh is a meic
dearbh nach iarthoir a n-eruic.
14 Mor saorchland o soin a-le [184]
do thuit leo ar lorg a cheile
tuilleadh ’na cceand nó gu ccuir
fearr gan tuiremh a ttachoir.
15 Dúal d’Íbh Eathach na n-arm ngér
cosmail gach cu ’s a cuilén
gleó do chur ar gach conair
’s a dhol leo gan leanamhoin.
16 A-tá gaisceadhoch nua [a-]niodh
ag leanmain lorg a shindsior
onab úr an fala críon
do shúgh fhola na n-airdriogh.
17 Mág Aonghoso a n-áois leanoibh
do ghabh grádho gaisgeadhaigh
a chiap ghéugmaoth ó do ghein
fár iar cédlaoch a chinidh.
18 A-ta ar Art an aphra moill
ach nach leis fó(nd)s na feroinn
ágh na ngaisceadhach or ghein
taisdealloch ar ghrádh (in)? gaiscidh.
19 Acht firfer flatho a-noisi
tuigidh mar tá m’fhiaghnoise
is oighreacht na(r) ngniomh ngoile
seinshliocht ríogh ó Rudhraighe.
20 Dan duthoidh na Tri Tondo
’s gach fond da bfoil eatorra
uatha a-dearoir an treas tond
feadhoin o Eas Da Égond.
21 As eadh a-deir gach duine
cuigeadh chloinne Rudhroidhe
ris an ccúigeadh a-tád thall
in cuigeadh fad da bfearann.
22 Do-bhéra no beid a-rís
siol Roigh san riocht a mbéidís
rí Ó nEathoch nar airg chill
deathach in gach aird d’Éirinn.
23 Cuid in gach áird da fhine
in gaoth é le hénbile
a theachto dá ccor chuige
dol ar eachtra is usoide.

24 Ag bregadh Airt a hUltoibh
a-ta cuid do Connachtoibh
do shiol mathoir na Maine
brathoir riogh o Rudhraighe.
25 Dream a Mughoin mhic Dáire
da thoghairm tuar luathgháire
d’fuil na Meadhbo-sa a-moigh Mháoin
is d’fuil Fhearghasa d’éntaoibh.
26 Dream a Laighnibh na learcc ttais
roimhe ’na reltoin eolois
crobhuing is aipche ni fhuil
do mhaicne Conoill Chearnoigh.
27 Mag Aonghaso ar n-eirghe a-mach [185]
dar sindsior Conall Cearnoch
ceird Chonallta do-ni a-noir
ar tí foghanta d’Ulltoibh.
28 Gach dioghbhail da ndentaoi a-nonn
da thir no gur thuit Conall
a-nall do-níodh an urdoil
’s do bhíodh thall ’ga tteasargoin.
29 Dá mbeith [a-]riamh roimhe soin
fear a aithreaso d’Ulltoiph
Conall is in cairt do ghabh
acht Conall Airt ’na aonar.
30 Gion gu mbeith acht enlamh Airt
a ló catha da ccosuint
gan phudho[i]r do dhénam dhaibh
do-dhénadh Ulaidh d’édráin.
31 Dá sguirdis d’eineach uile
acht congnach chland Rudhraighe
nirbh iongnadh a saoradh sin
le ttiobhradh aonar d’eigsibh.
32 Mac Áodha nar imdhearg neach
idir iocht agas oineach
agas chroidhe ainghidh n-áigh
do thairrngir bile Bearcháin.
33 Cathfoidh ara chliathoibh fi(o)s
do bhiodh ag toigheacht thairis
don eón ghribhe o Ghlionn Ríghe
do-ríne Fionn faisdine.
34 Cuilen láoigheach Locha Cuan
is ris do ráidheadh Ciothruadh
gu ttiocfadh Art d’fhiadh Uladh
’gu mbiadh salt na seanchuradh.
35 Do-roinne Magh Rúith reimhe
d’fhior a anma d’faisdine
gu mbíadh deathach a nDruim Chaoin
d’Íbh Eathach nar thuill tatháoir.
36 An talamh gana thairthibh

’sa tonn gana torchoirthibh
ag tairngire ríogh o Róigh
(a)s síon ainghlidhe ina onóir.
37 Art mhac Aodha cíabh cleachtoch
mhic Airt is é an tairrngertoch
earrla cloidheach do mheall mna
is fearr oineach gach énla. Lámh...